



# **Lámhleabhar na scoile**

## ***School Prospectus***

### **Gaelscoil Dhochtúir Uí Shúilleabháin**

**Gort Na Cloiche,**

**An Sciobairín,**

**Co. Chorcaí**

**Fón/Tel: 028 21192**

**Fón póca/Mobile: 086 3952005**

**Ríomhphost: [gaelscoil21192@hotmail.com](mailto:gaelscoil21192@hotmail.com)**

**Suíomh idirlín: [www.gaelscoil.net](http://www.gaelscoil.net)**

## **Fáilte/Welcome**

Go raibh míle maith agat as ucht do shuim i nGaelscoil Dr. Uí Shúilleabháin. Léigh tríd an leabhrán seo agus bheinn lán-sásta bualadh leat chun tuilleadh ceisteanna a fhreagairt duit.

*Thank you for your interest in Gaelscoil Dr. Uí Shúilleabháin. Please read through this information booklet about our school. I would be more than willing to meet with you to answer any further questions you may have*

*Aisling Ní Néill*

*Príomhoide*

## **Tábla na n-ábhar/ Table of contents**

- 3      Sonraí scoile, stair na scoile/ School details, school history
- 4      Creideamh, pátrúnacht, tumoideachas / Religion, Patronage, immersion education
- 5      Tuismitheoirí agus an Ghaeilge/Parents and Irish
- 6      Éide scoile/ Uniform
- 7      Clár ama, Obair bhaile, Club obair bhaile/ Time-table, Homework, homework club
- 8      Seirbhís búis, lón folláin, Liostaí leabhair / Bus service, healthy lunch, Book lists
- 9      Timpistí agus asláthaireachtaí, Ag bualadh leis an múinteoir / Accidents and Absences, Meeting with class teacher
- 10     Foireann na scoile, polasaithe na scoile/ Staff, School Policies
- 11     Bord bainistíochta/Coiste na dtuismitheoirí/Board of Management, Parents Association
- 12     Páistí I náionáin bheaga/Children in Junior infants

## Sonraí scoile / School details

**Seoladh:** Gaelscoil Dr. Uí Shúilleabháin  
Gort na Cloiche  
An Sciobairín,  
Co. Chorcaí.

**Fón/Tel:** 028 21192

**Fón póca/Mobile:** 086 3952005

**Ríomhphost:** [gaelscoil21192@hotmail.com](mailto:gaelscoil21192@hotmail.com)

**Suíomh idirlín:** [www.gaelscoil.net](http://www.gaelscoil.net)

**Príomhoide:** Aisling Ní Néill

**Leas-phríomhoide:** Joanne Uí Threasaigh

## **Stair na scoile**

Bunaíodh Gaelscoil Dhochtúir Uí Shúilleabháin sa bhliain 1994. Tuismitheoirí le suim sa Ghaeilge agus I ngaelscolaíocht a chur an scoil ar bun. Ag an am sin bhí sé suite i sráid Uí Chaisleáin. Ní raibh ann ach múinteoir amháin agus 21 páiste. Timpeall ar 1997 bhogamar go Bóthar Trá na Móna. Bhí ceathrar múinteoir ag obair ansin i dtithe réamhdhéanta san ionad campála. Bhog an Ghaelscoil chuig an áit ina bhfuilimid anois, i nGort na cloiche, sa bhliain 2000 agus ó Mi na Samhna 2018 tá scoil iontach nua againn. Faoi láthair tá triúr múinteoirí ranga againn agus 77 páiste.

*Gaelscoil Dhochtúir Uí Shúilleabháin was founded in 1993/94 by parents with an interest in the Irish language and Gaelscolaíocht. At this time, the school, with one teacher and 21 children was located in Townshend Street. In 1997, the school moved to prefabricated buildings at the campsite on Tragumna Road. We are now located in Gortnaclochy since 2000. In November Of 2018 we made our final move to a brand new*

purpose built school right next to our existing building. We currently have 3 classroom teachers and 77 children.

### **Creideamh/Pátrúnacht/Religion/Patronage:**

Is Gaelscoil measctha Caitliceach í Gaelscoil Dr. Uí Shúilleabháin faoi phátrúnacht an Fhorais. Ullmhaítear na páistí le haghaidh a gcéad Faoistin, a gcéad Comaoineach Naofa gach bliain agus a gcóineartú gach dara bhliain. Déantar an Comaoineach agus an Cóineartú le na scoileanna eile áitiúil sa Sciobairín.

Cuirtear fáilte roimh gach páiste anseo. Tá clár píolótach ar siúl againn faoi láthair d'éinne nach bhfuil ag iarraidh páirt a ghlacadh sna ranganna creidimh foirmiúil.

*Gaelscoil Dr. Uí Shúilleabháin is a mixed Catholic primary school under the patronage of Foras Pátrúnachta na scoileanna lán Ghaeilge. The children are prepared for the Sacraments of Penance, Communion and Confirmation each year. These sacraments are made with the local Skibbereen primary schools.*

*Children of all faiths/no faith are welcomed and catered for. An ethical educational programme is being piloted at the moment in the school catering for those wishing to opt out of formal Catholic religious instruction.*

### **Tumoideachas/immersion education**

Ciallaíonn an tumoideachas córas ina múintear gach ábhar trí theanga shonraithe amháin. Is í an Ghaeilge an teanga cumarsáide ar scoil. Múintear gach ábhar scoile tré mheán na Gaeilge. Leantar an curaclam bunscoile mar atá leagtha amach ag an roinn oideachas agus eolaíochta. Baintear amach líofacht iomlán sa Bhéarla agus sa Ghaeilge tríd an chóras seo.



*In the immersion education model pupils learn all subjects through the medium of a designated language. Irish is the working and spoken language in the school. It is the language through which all subjects are taught and all communication is conducted. Pupils attending this Gaelscoil follow the standard curriculum as laid out by the Department of Education and Science. Children are immersed in the language from the very first day at school. Through the immersion system pupils achieve a high level of fluency in both English and Irish.*

## Tuismitheoirí agus an Ghaeilge/Parents and Irish

Níor chóir do thuismitheoirí a bheith buartha faoina gcaighdeán ó thaobh labhairt na Gaeilge de. Cé gur buntáiste é, má tá an Ghaeilge agat, níl aon ghá leis. Cuirtear fáilte chuig gach páiste ó gach cultúir anseo. Cuirtear ranganna Gaeilge ar siúl do thuismitheoirí gur mhian leo a gcuid Gaeilge a fheabhsú. Tá dearcadh dearfach I dtaobh an Ghaeilge níos tábhachtaí ná líofacht sa teanga. Is fiú ghníomhachtaí simplí a dhéanamh le do pháiste—féach ar TG4, éist le amhráin, rannta, dánta agus taispeáin suim i bhfoghlaim do pháiste. Is rud taitneamhach é a bheith ag foghlaim teanga nua. Déan cluiche as do pháiste á do mhúineadh. Tar chun cainte le na múinteoirí ranga nó an príomhoide má tá imní ort.

*Parents should not be worried about their own standard of Irish when thinking of sending their child here. While it is an advantage if parents speak the language, it is not a necessity. Children from all linguistic and cultural backgrounds are welcome here. Irish-language support is provided as much as possible to parents who wish to improve their skills. A positive attitude towards the language is much more important than your own fluency. Simple worthwhile activities everyone could do may include watching programmes in Irish, listening to songs, stories, poems in Irish and just showing an interest in your child's learning. A new language is fun, make a game out of your child teaching you simple phrases. Come and speak with the class teachers or principal should you have any concerns.*



### Éide scoile/School uniform:

Ar fáil i / Available in: Hourihane's Sports Shop/Tots to Teens,  
40 North St, An Sciobairín. Tel No: 028 22456 .



Ní mhór do gach páiste an éide scoile cheart a chaitheamh.  
Bíodh na h-éadaí scoile glan agus néata. Iarrtar orthu culaith  
reatha a chaitheamh lá an chorpoideachas.

*All children should wear full school uniform every day. The uniform should be clean and tidy. The school tracksuit should be worn on P.E. day.*

Buachaillí/Boys	Cailíní/Girls
Bríste dúghorm/ navy trousers	gúna/bríste dúghorm/ navy pinafore/trousers
Geansaí dearg/red jumper	Cardi dearg/ red cardigan
Léine bán/white shirt	Léine bán/white shirt
Carbhat dúghorm/navy tie	Carbhat dúghorm/navy tie
Bróga dubha/ black shoes	Bróga dubha/ black shoes

### Culaith Reatha/ school tracksuit

Buachaillí agus Cailíní
Geansaí agus bríste glasa le suaitheantas na Gaelscoile/Green jumper and trousers with Gaelscoil Crest
T-léine dearg/red t-shirt
Bróga reatha/ runners

### Clár ama/ Time-table

9-20r.n./a.m.	Oscailt na Scoile/Opening
10-40r.n./a.m. - 10-50r.n./a.m.	Am Sosa/Break
12-30i.n./p.m. - 12-50i.n./p.m.	Am Lóin/Lunch
2:00i.n./p.m.	Am dul abhaile na naíonáin/ Dismissal time for infant classes
3:00i.n./p.m.	Am dul abhaile Rang 1 - Rang 6/ Dismissal time for 1 <sup>st</sup> - 6 <sup>th</sup> class

### Obair bhaile/homework:

Faigheann na páistí obair bhaile ón Luan go Déardaoin gach seachtain. Uaireanta faigheann na hardranganna obair bhaile ag an deireadh seachtaine. Tá dialann ag gach páiste. Síneadh é gach oíche le do thoil nuair atá an obair bhaile críochnaithe. Má tá aon imní ort faoi obair bhaile do pháiste téigh I dteagmháil leis an múinteoir.

*Children will get homework from Monday to Thursday every week. Older students may get project work at weekends. School diaries will be given to all children. Parents should sign these every night after checking homework is completed. Please let us know if you have any concerns about your child's homework.*



### Club obair bhaile/homework club

Tá club obair bhaile ar siúl sa scoil ón Luan go Déardaoin ón 2-4i.n. Tá costas €4 air san uair. Tá fáilte roimh gach páiste ó naíonáin bheaga go rang a 6 freastal air. Bíonn club na maidine ar siúl gach maidin ó 8.30 go dtí 9.00 chun freastal ar thuismitheoirí a bhíonn ag obair.

We run a homework club from Monday to Thursday from 2-4 pm & Friday until 3pm  
This service costs €4 per hour. All children from junior infants to 6<sup>th</sup> are welcome to attend.

### Lón Folláin/Healthy Lunch

Tá polasaí maidir le lón folláin againn. Bíodh lón sláintiúil ag do pháiste agus iad ag teacht ar scoil gach lá. Ceadaítear rud beag milis ar an Aoine. Tá cosc ar chriospaí, grán rósta, líreacáin, deochanna milse agus guma coganta i gcónaí.



The school follows a healthy eating policy during the week. Please ensure your child has a healthy nutritious packed lunch going to school every day. A small treat may be allowed on Fridays. Crisps, popcorn, lollypops, fizzy drinks and chewing gum are never allowed.

**Allergies: We have a case of Peanut & Egg Allergy in school so we ask that you do not include any peanut products or any eggs in their lunch box.**

### Bus Service/Seirbhís Búis



Má tá fad ós cionn 2 mhíle/3.2 km ó do bhaile go dtí an Ghaelscoil is cóngaraí, tá tú i dteideal seirbhísí iompair scoile. Faoi láthair tá trí bhus ag freastal ar an Ghaelscoil - bus ó Léim, bus ó Ghleann Bhearracháin agus bus ó Church Cross. Múna bhfuil bus ag freastal ar do cheantar faoi láthair, ba cheart go mbeadh deichniúr páistí agat chun seirbhís a thosú

If there is a distance of more than 2.2 miles/3.6 km from your home to the nearest Gaelscoil, you are eligible for the provision of school transport services. If there is no service currently provided in your area, there must be a minimum of ten children in the area eligible for transportation in order for a service to be set up.



## Liostaí Leabhair/Book lists

Cuirfear liosta leabhair amach sa phost roimh deireadh na scoil bliana. Ceannaíonn an scoil na leabhair ar fad agus bíonn siad le fáil roimh teacht ar ais ar scoil i Mí Meán Fómhair. Tá córas cíosa i bhfeidhm anseo. Tá sé rí-thábhachtach na leabhair a chcludú agus lipéad soiléir, cuí agus ainm do pháiste air a chur ar chlúdach tosaigh gach leabhar agus gach cóip leabhar do pháiste.



*Booklists are sent home by post before the end of the school year. The school buys all the books and they are made available to parents before the beginning of the new school year. We have a book rental scheme in operation here. It is essential all books are covered and clearly labelled with your child's name on the front cover.*

## Timpistí agus asláthaireachtaí /Accidents and Absences.

Tá fearas garchabhrach san oifig i gcónaí agus úsáidtear é nuair a bhíonn timpiste ag páiste sa chlós nó sa seomra ranga. Tá cúrsa garchabhrach déanta ag gach ball foirne í 2013. Má bhíonn drochthimpiste ag páiste, cuirfear gloch ar a tuismitheoirí/caomhnóirí. Tá sé fíor thábhachtach go mbeidh teacht ar thuismitheoir/caomhnóir i gcás timpiste nó tinneas. Ba cheart uimhir teagmhála a chur ar an bhfoirm iontrála.



Má bhíonn do pháiste breoite sa bhaile ná cuir ar scoil iad. Ní mhór d'aon pháiste atá as láthair nóta a thabhairt don mhúinteoir ranga an lá dár gcionn. Má chailleann do pháiste 20 lá ar scoil caithfidh an NEWB a chur ar an eolas faoi. Cuirtear litir abhaile nuair atá 15 lá cailte ag do pháiste.

*A first aid kit is available at all times in the office and will be used if a child has an accident in the yard or classroom. All staff members completed a first-aid course in 2013. If a child has a serious accident in school, parents/guardians will be immediately notified. It is very important you are contactable at all times in case of accident/sickness. A contact number must be provided on the enrolment form.*

*If your child is ill, please do not send them to school. An explanatory note is required by the class teacher upon your child returning to school. Under the Education Welfare Act 2002 the school is obliged to inform the education welfare officer of all absences exceeding 20 days during the academic year. We will inform you when your child has missed 15 days.*

### Ag bualadh leis an múinteoir ranga/Meeting the class teacher

Bímid sásta i gcónaí bualadh libhse, na tuismitheoirí/caomhnóirí. Sin ráite, iarraimid oraibh gan cur as don obair ranga ná don mhúinteoir, más féidir, i gcaitheamh an lá scoile. Más mian leat caint leis an múinteoir faoi rud ar bith ba chóir coinne a dhéanamh roimh ré leis/léi, chun bualadh leis/léi ag am cuí a oireann daoibh beirt. Is féidir coinne a dhéanamh leis an rúnaí ar dtús nó nóta a scríobh don mhúinteoir ranga. Bíonn cruinniú foirmiúil tuismitheoirí/múinteoirí sa chéad téarma gach bliain.

*We are always happy to meet with you, the parents, guardians. However we ask you not to interrupt the day's work. If you would like to talk with the teacher, arrange a suitable time between you both. You can arrange a meeting through the secretary or write a note to the class teacher. An annual parent/teacher meeting takes place in the first term.*

### Polasaithe na scoile/school policies

Tá cóip de na polasaithe ar fad le fáil san oifig. Tá cóip den polasaí frith-bulaíochta agus an cód smachta iniata anseo. Bímid i gcónaí ag déanamh athbhreithniú ar na polasaithe agus á n-aistriú go Béarla.



*Copies of all school policies are available on request in the office.*

*The code of behaviour and anti-bullying policies are included here. We regularly review, update and translate policies.*

### Foireann na scoile/Staff

Tá triúr múinteoirí ranga (príomhoide san áireamh), múinteoir tacaíocht/foghlama, múinteoir acmhainne agus cúntóir riachtanais speisialta anseo i nGaelscoil Dr. Uí Shúilleabháin. Chomh maith le sin tá rúnaí againn ón Luan go Déardaoin gach seachtain.

*We have 3 classroom teachers (including principal), a learning support teacher, / resource teacher and 2 special needs assistant here in Gaelscoil Dr. Uí Shúilleabháin. We also have a secretary from Monday to Thursday each week.*



### **Foireann tacaíocht foghlama/ Learning support team**

Tá múinteoir tacaíocht foghlama agus múinteoir acmhainne anseo I nGaelscoil Dr. Uí Shúilleabháin chun a chinntiú go mbaineann gach páiste amach na scileanna bunúsacha liteartha agus uimhríochta. Tugaimid tacaíocht do pháistí atá deacrachtaí acu trí chur chuige foirne idir an páiste, na tuismitheoirí, an múinteoir ranga, an múinteoir tacaíocht foghlama/acmhainne agus daoine oiriúnacha eile—síceolaí, teiripeoir urlabhra agus teanga srl.

*We have 1 learning support teacher and 1 resource teacher here at Gaelscoil Dr. Uí Shúilleabháin to ensure that all pupils achieve basic literacy and numeracy skills. We aim to support pupils experiencing learning difficulties through a team approach involving the pupil, class teacher, learning support/resource team, parents and other relevant personnel i.e psychologist, speech therapists etc.*

### **An bord bainistíochta/ The Board of Management**

Tá an bord bainistíochta freagrach as feidhmiú laethúil na scoile agus airgeadas, cothabháil, soláthair foirne agus polasaithe na scoile san áireamh. Tá an bord déanta suas le beirt ainmní ón bpátrún, beirt ón bpobal, beirt tuismitheoir, an phríomhoide agus múinteoir amháin eile. Is é tréimhse an bord bainistíochta ná ceithre bliana (2015-2019)

*The Board of Management has overall responsibility for the school including finance, maintenance, staffing and the development of school policies. The Board comprises of 2 direct nominees of the patron, 2 elected parents, 2 community representatives, the Principal and one other staff member. The term of office for the Board of Management is 4 years (2015-2019).*



### **Coiste na dTuistí/Parents association**

Tá coiste na dtuismitheoirí iontach gníomhach anseo I nGaelscoil Dr. Uí Shúilleabháin. De ghnáth buaileann an coiste le chéile uair sa mhí. Is forum iad na cruinnithe seo, am gur féidir le tuismitheoirí saincheisteanna agus tuairimí a chur in iúil agus gníomhaíochtaí tiomsaithe airgid a eagrú don scoil.

*Gaelscoil Dr. Uí Shúilleabháin has an active parents association. The committee usually meets once a month. The PA regularly liaises with the Principal and provides a forum to raise issues and concerns, suggest and implement initiatives and organise fundraising activities.*

## **AR SCÁTH A CHÉILE A MHAIRIMID!**

Cuirtear ar an mballa ar scoil agus abhaile sonraí bail nua an Bhoird Bainistíochta agus Coiste na dtuismitheoirí gach bliain.

*A list/short description of new Board of Management members and Parents association representatives will be displayed in the school hallway and sent home upon election each year.*

### **Páistí i naíonáin bheaga/ Children in Junior infants**

Sula dtosaíonn do pháiste/ Before your child starts

Bí cinnte go bhfuil

- \* ainm ar gach rud atá ag do pháiste idir geansaí scoile, cóta, leabhair, srl agus go n-aithníonn do pháiste a sealúchas féin.
- \* traenáil leithris ag do pháiste (Má tá fadhb ag aon pháiste ba chóir é a chur in iúl don mhúinteoir ranga agus cuir éadaí breise sa mhála scoile.)
- \* Scileanna ar nós rudaí a roinnt, seansanna a thógáil agus praiseach a ghlanadh suas á thaispeáint dó/di sa bhaile.
- \* Tú tar éis a bheith ag caint le do pháiste faoin scoil. Abair leo gur áit sonasach í a chuirfidh fáilte mhór roimh/roimpi agus a áit a dhéanfaidh sé/sí alán cairde nua.



### **Try to ensure**

- \* *your child's property (jumper, coat, books etc.) is clearly labelled. and your child recognises his/her own property.*
- \* *he/she is properly toilet trained (if you feel your child may have a problem in this area please come and talk to the class teacher and pack extra clothing in your child's schoolbag. )*
- \* *Skills such as sharing, taking turns and tidying up are being modelled at home.*

- \* *You have spoken to your child about starting school. Talk about it as a happy place where there will be a big welcome for him/her and he/she will make lots of new friends.*

### **An lá mór/ The big day**

- *Téigh go dtí an seomra ranga le do pháiste agus bí chomh neamhfhoirmiúil agus is féidir. Buail leis an múinteoir ranga agus na páistí eile. Abair le do pháiste go mbeidh tú ar ais níos déanaí, fág slán leis agus imigh leat gan mhoill.*
- *Má thosaíonn do pháiste ag gol, cuir do mhuinín sa mhúinteoir. Tá taithe aici le bheith ag déileáil le eachtraí mar seo. Ná taispeáin go bhfuil buairt ort. Bí dian agus fág do pháiste chomh tapaigh agus is féidir.*
- *Tosaíonn an scoil ag 9.20 gach maidin. Chun go socróidh na páistí isteach sa suíomh nua, rachaidh na naíonáin bheaga abhaile ag 12 nóin don chéad dhá seachtaine.*
- *When you arrive at the classroom, be as casual as you can. Meet the teacher and other children. Assure your child will be back to collect him/her, wish him/her goodbye and make your getaway without delay.*
- *Should your child become upset, trust the teacher. She is experienced and used to dealing with all kinds of starting off problems. Don't show any outward signs of your own distress. Be firm and leave as soon as possible.*
- *School begins at 9.20. To ease the children into the school routine we have a policy whereby junior infants go home at 12.00 or 1pm for the first week.*



**Aon eolas eile le fáil san oifig**

**(028) 21192**